Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Telephone: +353-90-644 2867. Fax:+353-90-647 3080. Web: www.examinations.ie. E-mail: info@examinations.ie

S103/06

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéal

Teidil Shainordaithe don Obair Dhialainne san Oideachas Reiligiúnach don Teastas Sóisearach 2007 agus 2008

1. Tugadh siollabas nua isteach don Oideachas Reiligiúnach ar bhonn céimnithe i Meán Fómhair 2000 agus scrúdaíodh é den chéad uair i scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2003.

2. Cuireann an siollabas in iúl go mbainfidh dhá ghné leis an measúnacht ar Oideachas Reiligiúnach – (1) páipéar scríofa cinn chúrsa, agus (2) obair dhialainne. Eisíodh na teidil don obair dhialainne do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2007 le Ciorclán S83/05. Tá na teidil don obair dhialainne do Scrúdú an Teastais Shóisearaigh i 2008 ceangailte de seo, mar atá na teidil do 2007.

3. Tá na teidil chéanna ag gabháil leis an nGnáthleibhéal agus leis an Ardleibhéal. Iarrtar ar mhic léinn obair dhialainne a chur isteach ar **aon teideal amháin**.

4. Déanfar measúnacht sheachtrach ar an ábhar ar an nGnáthleibhéal agus ar an Ardleibhéal. **Beidh 20% de na marcanna ag gabháil leis an obair dhialainne, ar an dá leibhéal. Tabhair faoi deara go bhfuil an figiúr sin le cur in áit an fhigiúir atá luaite sa siollabas don Oideachas Reiligiúnach.**

5. Agus iad ag dul i mbun obair dhialainne, is féidir do mhic léinn oibriú ina ngrúpaí, nó cuairt a thabhairt nó fiosrúchán a dhéanamh mar rang iomlán. Ní mór do gach mac léinn dialann indibhidiúil a chomhlánú agus a chur isteach le haghaidh measúnachta, áfach.

6. Tá treoirlínte maidir le dul i mbun obair dhialainne le fáil in *Oideachas Reiligiúnach – Treoirlínte do Mhúinteoirí* a eisíodh i mí an Mheithimh 2001.

7. Ní mór an obair dhialainne a chur isteach i bhfoirm chaighdeánach i leabhrán a chuirfidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar fáil chuige sin. I mí na Samhna 2006 chuir an leabhrán ar fáil do mhic léinn atá ag déanamh an scrúdaithe in 2007. Cuirfear an leabhrán ar fáil i 2007 do mhic léinn atá ag déanamh an scrúdaithe i 2008.

8. Cuirtear an ciorclán seo, agus liostaí na dteideal don obair dhialainne atá ceangailte de, ar aird na mhúinteoirí a mbaineann siad leo, le do thoil.

9. Cuirtear cóip den chiorclán seo ar fáil d'ionadaithe cuí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí, le do thoil, lena cur ar aghaidh go dtí tuismitheoirí agus múinteoirí indibhidiúla.

Edward Harte
Ardoifigeach Feidhmiúcháin,
Nollaig 2006.

Teidil Shainordaithe don Obair Dhialainne san Oideachas Reiligiúnach don Teastas Sóisearach 2007

Tugtar dhá theideal do gach roinn den siollabas. Tig le mic léinn **ceann ar bith** a roghnú as an liosta seo a leanas:

Roinn A. Pobail Chreidimh

a. 1. Suirbhé ar an obair a dhéanann **dhá** eaglais *nó* **dhá** eagraíocht reiligiúnacha *nó* **dhá** ord reiligiúnacha i gcomharsanacht in Éirinn inniu.

a. 2. Próifíl den chaoi a bhfuil **dhá** shainchreideamh Chríostaí ag obair le chéile i bpobal.

Roinn B. Bunús Reiligiúin – an Chríostaíocht

b. 1. Soiscéal Lúcáis. Rianaigh an fhorbairt ón traidisiún béil go dtí an focal scríofa.

b. 2. Smaointe ar Ghiúdachas Íosa.

Roinn C. Bunús Reiligiúin – Mór-Reiligiúin an Domhain

c. 1. An chaoi a n-insítear scéal mór-reiligiúin dhomhanda amháin. Rianaigh an fhorbairt ó thraidisiún béil go dtí traidisiún scríofa **i gceann amháin** de reiligiúin an domhain – an Búdachas, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

c. 2. Próifíl den leathnú atá déanta ag **ceann amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas – an Búdachas, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

Roinn D. Ceist an Chreidimh

d. 1. Creideamh – glaoch chun an bheatha a chaitheamh ar shlí áirithe. Staidéar ranga ar phearsa chreidimh **amháin** a luaitear le scéal cheann amháin de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas – an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

d. 2. Fiosrúchán ar na tionchair ar chreideamh reiligiúnach an aos óig inniu.

Roinn E. Ceiliúradh an Chreidimh

e. 1. Scrúdú ar an rinnfheitheamh (*contemplation)* mar chineál urnaí i dtraidisiún reiligiúnach.

e. 2. Anailís ar thábhacht na páirtíochta, mar ghné, in eispéireas adhartha.

Roinn F. An Dúshlán Morálta

f. 1. Taiscéaladh rudaí a fhéadfaidh dul i bhfeidhm ar dhuine agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an maith agus leis an olc.

f. 2. Staidéar ar an méid atá i gceist i bhfás duine chun aibíocht mhorálta.

Teidil Shainordaithe don Obair Dhialainne san Oideachas Reiligiúnach don Teastas Sóisearach 2008

Tugtar dhá theideal do gach roinn den siollabas. Tig le mic léinn **ceann ar bith** a roghnú as an liosta seo a leanas:

Roinn A. Pobail Chreidimh

a. 1. Próifíl de conas a fhreastalaíonn pobal creidimh **amháin** ar riachtanais na ndaoine.

a. 2. Suirbhé ar an obair a dhéanann pobal creidimh **amháin** chun meas a chothú ar a gcreidiúintí féin agus ar chreidiúintí daoine eile.

Roinn B. Bunús Reiligiúin – An Chríostaíocht

b. 1. Staidéar ar an méid a deir parabail Íosa le daoine faoi Ríocht Dé.

b. 2. Anailís ar an tionchar a bhí ag an Aiséirí ar lucht leanúna Íosa.

Roinn C. Bunús Reiligiún – Mór-Reiligiúin Dhomhanda

c. 1. Scrúdú ar thábhacht na paidreoireachta i saol creidmhigh i gceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas – an Búdachas, an Giúdachas, an Hiondúchas nó an tIoslamachas.

c. 2. Tá príomhchreidiúintí nó prionsabail áirithe ag gach reiligiún domhanda. Cás-staidéar a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag príomhchreidiúint ar shlí mhaireachtála creidmhigh i gceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas – an Búdachas, an Giúdachas, an Hiondúchas nó an tIoslamachas.

Roinn D. Ceist an Chreidimh

d. 1. Suirbhé ar chleachtas reiligiúnach i mo cheantar.

d. 2. Scrúdú ar conas a théann scéalta faoin lucht leanúna tosaigh i bhfeidhm ar chreidmhigh i gceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas – an Búdachas, an Chríostaíocht, an Giúdachas, an Hiondúchas nó an tIoslamachas.

Roinn E. Ceiliúradh an Chreidimh

e. 1. Siombailí Reiligiúnacha – iniúchadh ar an mbrí agus ar an aidhm atá leo i gceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas – an Búdachas, an Chríostaíocht, an Giúdachas, an Hiondúchas nó an tIoslamachas.

e. 2. Déan taighde ar thábhacht na paidreoireachta comhchoitinne do dhaoine óga sa lá inniu.

Roinn F. An Dúshlán Morálta

f. 1. Staidéar ar conas atá grúpa reiligiúnach *nó* eagraíocht reiligiúnach ag obair ar son na síochána.

f. 2. Tá dualgas ar lucht creidimh aire a thabhairt don domhan. Scrúdú ar an luach a chuireann na baill ar an maoirseacht i gceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas – an Búdachas, an Chríostaíocht, an Giúdachas, an Hiondúchas nó an tIoslamachas.